AN tOLLTOGHCHÁN

DÉ hAOINE, 26 FEABHRA 2016

Beidh na Stáisiúin Vótála ar Oscailt idir 07.00 a.m. – 10.00 p.m.

An bhfuil tú ar Chlár na dToghthóirí? An bhfuil do chuid mionsonraí ceart ar an gclár?

Féadfaidh tú seiceáil ag Oifigí do Chomhairle Cathrach, do Chomhairle Contae nó do Chomhairle Cathrach agus Contae.
agus ar líne ag www.checktheregister.ie

Tionólfar Olltoghchán ar an **Aoine, 26 Feabhra 2016**. Ní fhéadfaidh tú vótáil mura bhfuil d'ainm ar Chlár na dToghthóirí. Ar sheiceáil tú le déanaí? Le bheith cláraithe, ní mór duit a bheith i do Shaoránach Éireannach nó Briotanach, a bheith **18 bliana** d'aois nó níos sine ar lá na vótála agus **gnáthchónaí** a bheith ort ag an seoladh ag ar mian leat clárú.

Féadfaidh tú clárú fós, nó do chuid mionsonraí a cheartú má tá tú cláraithe cheana féin.

⇒ Féadfaidh vótálaithe **nach bhfuil ar an gclár** agus ar mian leo vótáil sa toghchán iarratas a dhéanamh a n-ainm a chur san áireamh ar an bhforlíonadh.

⇒ Sa chás go bhfuil tú ar an gclár agus gur athraigh tú seoladh le déanaí, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh a bheith curtha san áireamh ar an bhforlíonadh ag do sheoladh nua.

⇒ Sa chás go bhfuil tú ar an gclár cheana féin i do thoghthóir i dtoghcháin áitiúla nó Eorpacha, agus go ndearnadh saoránach Éireannach díot, **ní mór duit** iarratas a dhéanamh a bheith curtha san áireamh ar an bhforlíonadh le bheith incháilithe vóta a chaitheamh san olltoghchán.

Tá foirmeacha iarratais don fhorlíonadh ar fáil ó do Chomhairle Cathrach, do Chomhairle Contae nó do Chomhairle Cathrach agus Contae (sin iad na húdaráis chlárúcháin) agus ar líne ag www.checktheregister.ie. Ní mór go mbeadh na foirmeacha comhlánaithe faighte ag an údarás clárúcháin don cheantar ina gcónaíonn tú tráth nach déanaí ná **Deardaoin, 9 Feabhra 2016.**

Ní mór d'iarratas a shíniú i láthair chomhalta den Gharda Síochána ó do Stáisiún Gardaí áitiúil nó, sa chás go gcuireann tú in iúl i scríbhinn nach féidir leat sin a dhéanamh, i láthair oifigeach ó do Chomhairle Cathrach, do Chomhairle Contae nó do Chomhairle Cathrach agus Contae. D'fhéadfadh, i gceachtar cás, aitheantas fótagrafach nó aitheantas eile a bheith de dhíth agus ba chóir duit iad a thabhairt leat.

Mura bhféadfaidh tú ceachtar den dá rogha sin a dhéanamh de bharr tinneas coirp nó míchumas coirp, ní mór teastas liachta a chur ar aghaidh leis an bhfoirm iarratais.

Forlíonadh le Liosta na bPostvótálaithe agus le Liosta na Vótálaithe Speisialta

Má tá tú incháilithe le vótáil tríd na bpost nó mura bhfuil tú ábalta a theacht i láthair le vótáil de bharr tinneas coirp nó míchumas coirp agus go bhfuil tú i do chónaí in ospidéal, i dteach altranais nó i bhforas dá leithéid, agus nach bhfuil tú ar Liosta na bPostvótálaithe ná ar Liosta na Vótálaithe Speisialta, féadfaidh tú fós iarratas a dhéanamh ar iad a chur ar an bhforlíonadh ar na liostaí sin. Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó do Chomhairle Cathrach, do Chomhairle Contae nó do Chomhairle Cathrach agus Contae. Ní mór go mbeadh na foirmeacha comhlánaithe faighte ag an údarás clárúcháin don cheantar ina gcónaíonn tú tráth nach déanaí ná **Dé hAoine, 5 Feabhra 2016.**